

# Na híoschaighdeáin chun próifílí cáilíochta a bhunú i scrúduithe ALTE

## Cruthú na dtástálacha

- 1 Is féidir leat cur síos a dhéanamh ar chuspóir an scrúdaithe agus ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear é, agus an pobal a n-oirfeadh an scrúdú dó.
- 2 Tá an scrúdú bunaithe ar thógán teoiriciúil, m.sh. ar léirshamhail d'inniúlacht chumarsáideach.
- 3 Cuireann tú critéir ar fáil chun cruthaitheoirí, saineolaithe agus sainchomhairleoirí i bhforbairt agus i gcruthú tástálacha a roghnú agus a oiliúint.
- 4 Tá scrúduithe comhthreomhara a riarann údaráis éagsúla inchomparáide ó thaobh ábhar , ó thaobh a chobhsaí agus a chomhleanúnaí is atá siad agus ó thaobh teorainneacha na ngrád de.
- 5 Má mhaíonn tú go bhfuil an scrúdú nasctha le córas seachtrach tagartha (m.sh.an Fráma Tagartha Comónta Eorpach), ní mór duit a bheith in ann fianaise ar an ailíniú leis an gcóras sin a sholáthar.

## RIARACHÁN & LÓISTÍOCHT

- 6 Gach lárionad a roghnaítear chun do scrúdú a riar ann, roghnaítear é de réir nósanna imeachta soiléire, trédhearcacha, seanbhunaithe, agus tá teacht ag gach lárionad ar rialacháin faoin tslí le sin a dhéanamh.
- 7 Ní bhíonn locht dá laghad ar na páipéir scrúduithe a sheoltar ar chóir shlán iompair chuig lárionaid údraithe scrúdaithe; déanann do chóras riaracháin scrúdaithe soláthar chun gach doiciméad scrúdaithe a láimhseáil ar shlí shábháilte agus inrianaithe; agus is féidir rúndacht nósanna imeachta go léir an chórais a ráthú.
- 8 Tá córais oiriúnacha tacaíochta ag gabháil leis an gcóras riaracháin scrúdaithe (m.sh. beolíne theileafóin, seirbhísí gréasáin, srl.).
- 9 Cosnaíonn tú ar shlí leordhóthanach slándáil agus rúndacht na dtorthaí agus na dteastas, agus aon sonraí a bhaineann leo, faoi réir na reachtaíochta reatha cosanta sonraí, agus cuirtear a gcearta maidir le rochtain ar na sonraí seo in iúl d'iarrthóirí.
- 10 Cuireann an córas scrúdaithe tacaíocht ar fáil d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

## MARCÁIL & GRÁDÚ

- 11 Tá an mharcáil cruinn agus iontaofa a dóthain do chuspóir agus cineál an scrúdaithe.
- 12 Is féidir leat doiciméadú a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar an tslí a ndéantar an rátáil agus an iontaofacht a mheas, agus an tslí a mbailítear agus a ndéantar anailís ar shonraí maidir le cé chomh maith agus a éiríonn leis na scrúdaitheoirí i dtaca le rátáil feidhmíocht scríofa agus labhartha na n-iarrthóirí.

## ANAILÍS AR THÁSTÁLACHA

- 13 Déanann tú sonraí de shampla leordhóthanach agus ionadaíoch iarrthóirí a bhailiú agus a anailísiú agus is féidir leat a bheith sásta go bhfuil a gcuid torthaí bunaithe ar scileanna a bhí á dtomhas sa scrúdú agus nach bhfuil tionchar ag tosca mar T1, tír dhúchais, inscne, aois, agus bunús eitneach orthu.

14 Déantar sonraí ar leibhéal míre agus leibhéal taisc (m.sh. chun an deacracht, idirdhealú, iontaofacht agus earráidí caighdeánacha tomhais sa scrúdú a ríomh) a bhailiú ó shampla leordhóthanach de na hiarrthóirí, le hanailís a dhéanamh orthu.

### **CUMARSÁID LE GEALLSEALBHÓIRÍ**

15 Cuireann córas riaracháin an scrúdaithe torthaí na scrúduithe in iúl d'iarrthóirí agus d'ionaid scrúdaithe (m.sh. scoileanna) go pras agus go soiléir.

16 Cuireann tú faisnéis ar fáil do gheallsealbhoirí ar chomhthéacs, cuspóir, agus úsáid chuí an scrúdaithe, ar ábhar an scrúdaithe, agus ar a iontaofa atá torthaí an scrúdaithe.

17 Cuireann tú faisnéis oiriúnach ar fáil do gheallsealbhoirí chun cabhrú leo ciall a bhaint as na torthaí agus iad a úsáid go cuí.

©ALTE CODE OF PRACTICE WORKING GROUP

Translated by University of Maynooth, Ireland